# LÁ PLEANÁIL

# CLÁR

| | |
|---|---|
| 09:30 – 10:00 | Ag teacht le chéile & Tae. |
| 10:00 – 10:45 | Plean Covid na Scoile (Leah/Richard) |
| 10:45 - 11:00 | Eolas Ghinearálta na scoile (Leah/Richard) |
| 12:30 – 12:45 | Caomhnú Páistí (Leah) |
| 12:45 – 13:00 | Cód Iompar (Richard) |
| 13:00 - 13:15 | Frith Bhulaíocht (Deirdre) |
| 13:15 – 13:30 | IT na Scoile & Aladdin (Alison) |
| 13:30 - 13:45 | Múineadh Covid-19 (Ailbhe & Ruaidhrí) |

# PLEAN ATH-OSCAILT GHAELSCOIL UÍ EARCÁIN

- WWW.GSUE.IE
- ÓN CLÁR, TÉIGH CHUIG “FOIREANN”
- PASFHOCAL: 2005
- BRÚIGH AR AN PDF.



# EOLAS SCOILE:

- LEAH NÍ MHAOLÁIN (DLP/DIA)
- RICHARD Ó COISDEALBHA (DDLP /LDIA)
- ALISON NIC RUAIRÍ(OIFIGEACH SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA)
- CAOIMHÍN Ó HEAGHRA(CATHAOIRLEACH NA SCOILE)
- SUSANA OLMOS (CATHAOIRLEACH COISTE NA DTUISTÍ)

# Bainistíocht Scoile agus Meán Bainistíocht

| | |
|---|---|
| Leah Ní Mhaoláin | Príomhoide |
| Múinteoir Richard | Príomhoide Tánaisteach |
| Múinteoir Alison | Príomhoide Cúnta 1 |
| Múinteoir Jenna (**Múinteoir Ruaidhrí)** | Príomhoide Cúnta 2 |
| Múinteoir Deirdre | Príomhoide Cúnta 2 |
| Múinteoir Ailbhe | Príomhoide Cúnta 2 |



# POLASAÍ ÁBHAIR (AR SHAREPOINT)

- Gaeilge
- Béarla
- Mata
- OSPS
- Eolaíocht
- Tíreolaíocht
- Stair
- Drámaíocht
- Corpoideachais
- Ceol
- Ealaín

# CUID EILE ATÁ TÁBHACHTACH

- Caomhnú Páistí

"The quality of planning for and implementation of the SPHE curriculum and the stay safe programme in primary schools and of the SPHE curriculum and the relationship and sexuality education (RSE) programme in post-primary schools, as evident during the inspection"

- Frith bhulaíocht
- Cód Iompar
- Fón Póca
- Sláinte agus Sábháilteacht / Druil Tine
- Tacaíocht Foghlamtha
- Obair Bhaile
- Plean DEIS: Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (Delivering equality of opportunity in school)

# COSAINT SONRAÍ (GDPR)

- Eolas príobháideach faoi glas.
- Dáta ar gach rud.
- Measúnú srl faoi glas.
- Fillteáin Buí suas chun dáta agus faoi glas.

# PLEANÁIL RANGA

- Amchlár gan aon choimhlint ó thaobh TF, Honor, SCP srl (Roimh maidin Dé hAoine 04/09/2020.

- Pleanáil Fadtéarmach (11 acu) roimh an Luan 25/09/2020 agus sibh tar éis an teimpléid ceart a úsáid agus na polasaí cuí a leanúint. (Footer, Múinteoir Breandán & Múinteoir Adele)

- CM: Istigh ar an 10 lá den mhí agus le cur ar SharePoint.

- Pleanáil Seachtainiúil (Droichead) & Pleanáil Coicíse réidh agus suas chun dáta agaibh agus ar SharePoint.

# PLEANÁIL GEARRTHÉARMACH & CM

Déan cinnte go bhfuil na rudaí seo a leanas ann go cruinn:

- Idirdhealú: Do pháistí atá deacrachtaí acu agus páistí atá láidir.
- Go bhfuil gach ábhar agaibh ann.
- Go bhfuil ceangal ann idir pleanáil an múinteoir ranga agus an múinteoir TF. (Múinteoir TF ag seoladh plean don coicís gach Luan)
- Go bhfuil an teimpléid ceart agaibh agus go bhfuil sibh ag leanúint na polasaí cuí

# DIFFERENTIATION…



Needs

Experiences/ Interests/Skills

Intelligences

Learning Style

Content
Activities
Resources
Product
Environment
Teaching Strategies

Pace
Amount of assistance
Testing
Classroom Groups
Homework



A

**Commonsense Methods for Children with Special Educational Needs**
Peter Westwood (ISBN 0-415-29849-0)

| | |
|---|---|
| Content | Visual Cues, Adapting Text -Flaps/Highlighting, Pre-teach New Vocabulary |
| Activities | Visual Cues, Provide Choice, Adapting Activity |
| Resources | Visual Cues, Audio Books, Comprehension Bookmarks, Concept Maps, Checklists |
| Product | Diagrams, Flow Charts, Concept Maps |
| Environment | Visual Cues, Resource Centre, Flexible Groupings |
| Teaching Strategy | Modelling, Questioning, Pre-teach New Vocabulary |
| Pace | Extra Time |
| Amount of Assistance | Buddy System, SNA Support, Other Staff |
| Testing | Questioning, Choice |
| Composition of groups | Pairs, Mixed Ability |
| Homework | Visual Cues, Choice |

# TAISPEÁNTAIS

**Sa rang:(Déan cinnte go bhfuil obair na bpáistí ar an mballa agus peannaireacht ceart)**

- Am Órga
- Rialacha Ranga
- Mata (Ábhar atá a dhéanamh agaibh)
- Béarla
- Gaeilge (Foclóir/abairtí a mbíonn mí-cheart acu)
- OSIE
- OSPS
- Cúinne Teagasc Críostaí
- Páistí atá críochnaigh go luath

# SA RANG

**Na rudaí seo déanta i ngach rang:**

- Taispeántais suas chun dáta agus rang tarraingteach.
- Bord an mhúinteora glan, néata agus eagraithe.
- Caomhnú Páistí, amchlár, Druil tine, Rolla srl suas chun dáta
- Visual Timetable i ngach rang agus tóg an ábhar nuair atá sé déanta.
- Cóipleabhar/Leabhar Oibre suas chun dáta ó thaobh ceartúcháin go laethúil.
- Cóipleabhar Gaeilge, Béarla, Mata, OSPS, OSIE, Litriú/Deachtú i ngach rang.
- Tumoideachais amháin i Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra agus i ngach rang go dtí Deireadh Fómhair.

# AM LÓN / AR AN GCLÓS


- Páistí ag ithe lón roimh a théann siad ar an gclós.
- Páistí ar an gclós ag amanna difriúla. (má tá sé ag cur báistí, beidh siad ag dul amach má tá sé sábhailte).
- Múinteoir ag teagasc i rith am lón. (Léamh, Féachaint ar físeáin srl)
- Páistí le baileoidh ón gclós in am.
- Gaeilge a spreagadh

# TACAÍOCHT FOGHLAMTHA AGUS TACAÍOCHT RANGA

- Comhad Tacaíochta: Céim 1 suas chun dáta agus le feiceáil i do phleanáil (Múinteoir Ranga)
- Comhad Tacaíochta: Céim 2 suas chun dáta, síniú le fáil ón tuismitheoir agus na spriocanna le roinnt leo (Múinteoirí TF)
- Plean Gearrthéarmach ó múinteoirí TF le roinnt gach Luan leis na múinteoirí ranga agus beidh sé sin le feiceáil i bplean na múinteoirí ranga.
- Cruinniú rialta idir na múinteoirí ranga agus múinteoirí TF.
- Déan cinnte nach bhfuil an páiste ag cailleadh amach ar Gaeilge, Béarla nó Mata

# CÉIMEANNA ROS RIACHTANAIS OIDEACHAIS SPEISIALTA (SEN)

- TÁ DEACRACHTAÍ AG AN PHÁISTE I DO RANG. LEAN NA CÉIMEANNA SEO MÁ NÍL SIAD AG FÁIL TACAÍOCHT FAOI LÁTHAIR.



# FILLTEÁIN MEASÚNÚ

- Cuid 1: Measúnú ranga srl
- \- Scrúdú Ranga
- Scrúdú litriú
- Scrúdaithe roinnte ó múinteoirí TF








- Cuid 2: Próifíl (Páiste)
- \- Sampla scríbhneoireacht ó gach pháiste
- \- Sampla ó ealaín srl
- \- **Post it** buí ó breathnóireacht ranga
- \- Aiseolas agus dul chun cinn a thaispeáint.

# DÉAN CINNTE GO BHFUIL AN DÁ RUD A DHÉANAMH AGAIBH



AfL:

- **On-going** basis to inform teaching and learning
- **Feedback** to direct and motivate child
- Part of your **daily teaching**
- Learner **actively** involved

AoL:

- **Reporting** on achievement
- **Award** grades or scores
- At the **end** of learning
- **Teacher led**

A

# FÉIN MHEASTÓIREACHT (PÁISTÍ)



# CPD & EPV

- Teastas EPV & Comhairle múinteoireachta (Leah)



# GRÚPA Ó THAOBH CABHAIR

- Grúpa What's App leis na grúpaí seo. Ceannaire i ndearg.

- Grúpa 1: Deirdre, Ruaidhrí, Adele, Breandán, Graham, Debbie
- Grúpa 2: Ailbhe, Conor Ó, Conor H, Aoife, Antoinette & Aindí
- Grúpa 3: Alison, Eoin, Kelsey, Naoise, Áine, Brian & Vanessa
- Grúpa 4: Richard, Tiarnach, Niamh, Séamus, Bobby & Kate

# INTO & PRÍOMHIONADAÍ OIBRITHE (PO)

into

Irish National Teachers' Organisation
*Cumann Múinteoirí Éireann*

**Ról an Phríomhionadaí Oibrithe (PO)**

Go hachomair, is é ról an PO ná:

- Ionadaíocht a dhéanamh ar gach ball foirne san ionad oibre, beag beann ar an ról atá aige, agus a bheith airdeallach ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le cohóirt áirithe foirne;
- A bheith ag comhoibriú le bainistíocht na scoile chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe maidir le COVID-19 a chinntiú, a oiread agus is féidir;
- A bheith ar an eolas maidir leis an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le COVID-19;

# An Clár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe

## Líne Chabhrach Rúnda Saorghlao ar leith 1800 411 057, nó an téacs 'Hi' a chur chuig 087 339 0010 le tacaíocht SCF a úsáid ar SMS agus WhatsApp.

**Folláine le Chéile**
Wellbeing Together

De thoradh próiseas soláthair Oifigí an Rialtais, tá an conradh nua SCF tugtha do Spectrum.Life ón 26 Iúil 2020. Tabharfar 'Wellbeing Together: Folláine le Chéile' ar an seirbhís le haghaidh na bhfostaithe seo. Féach Nóta isnéise TTC 004/2020

# GDPR & Caomhnú Páistí (Leah)

## - GDPR & Caomhnú Páistí (Leah)

Cheap an Bord Bainistíochta Leah Ní Mhaoláin agus Richard Ó Coisdealbha mar Dhuine Caidrimh/ Leas Dhuine Caidrimh. Glacfaidh an LDC cúramaí air féin múna mbíonn an Duine Caidrimh ar fáil.

1. Tá ar gach cuairteoir leabhar na gcuairteoirí a shíniú agus suaitheantas 'Cuairteoir' a chaitheamh fhad agus atá siad ar suíomh na scoile. Tá sé molta go bhfuil ar duine fásta cuairteoirí a scaoileadh isteach sa scoil agus nár chorr go mbeidh páistí ag dul in aice leis an príomh doras gan baill foirne in éineacht leo.

2. Caithfidh duine fásta a bheith san áit fáiltiú an t-am ar fad. Níor chorr go mbeidh an áit fágtha gan an rúnaí ach amháin i gcásanna práinneach.

3. Ní fhágfar cuairteoirí/ daoine deonach ina n-aonar le páistí na scoile. Fanfaidh an múinteoir/ oibrí scoile fásta in éineacht leo seachas i gcás go bhfuil cead faighte óna dtuismitheoirí roimh ré (W.O.W, Accord, Drama Therapy curtha ar fáil ag an CCS)

4. Ní thógtar an chód (príomhdhoras) d'aon chuairteoir, tuismitheoir nó páiste riamh agus beidh cód nua roinnte leis an bhfoireann scoile go rialta.

5. I gcás CRS, cuirfear iad ar an eolas faoin bpolasaí seo agus na treoirlínte chaomhnú páistí chomh maith.

## - GDPR & Caomhnú Páistí (Leah)

6. I gcás páiste le riachtanais speisialta, má tá dlúth chúram i gceist, socrófar nósanna, a imeachta tar éis dul i gcomhairle leis an bpaiste, tuistí/ caomhnóirí agus éinne eile a bheidh gafa ag tabhairt aire dó/dí. Tógfar Dea-Chleachtas agus maitheas an pháiste san áireamh ag teacht ar socraithe ag cinntiú go bhfuil dínit an pháiste chun tosaigh i gcónaí. Nuair a bheidh socraithe cuí eagraithe, inseofar iad do gach grúpa atá luaite thuas agus cuirfear i scríbhinn é.

7. Moltar nach dtógfaí páistí leo féin más féidir. Má tá múinteoireacht aonaracha i gceist (tacaíocht foghlama srl) tá gá cead a fháil ó thuismitheoirí an pháiste é/í a chur ag obair leis an múinteoir agus déanfar é in áit go mbíonn a lán 'tráchta.'

8. Ní dhéanfar maoirseacht ar pháiste aonarach riamh. Sa chás go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí déanach ag bailiú páiste tá ar an mhúinteoir an rúnaí a chur ar an eol agus fanfaidh an pháiste faoi chúram an múinteoir ag an áit fháiltiú go dtagann a thuismitheoir/ chaomhnóir. Cuirfear an seomra machnamh ar ceal aon lá nach bhfuil ach páiste amháin a úsáid (déanfaidh siad suas an 15 nóiméad ar lá eile)

9. Timpistí Leithris: Cabhróidh CRS leis an múinteoir ranga sa chás seo. Rachaidh an CRS agus **beirt** pháistí chuig leithreas na múinteoirí agus tabharfaidh an CRS éadaí glan don pháiste agus glanfaidh an páiste é/í féin le treoir ón CRS má bhíonn sé ag teastáil. Labhróidh an múinteoir ranga leis an tuismitheoir ag deireadh an lae. Ag an gcéad cruinniú le tuistí nua sa scoil míneofar an cleachtas seo leo agus faightear cead i scríbhinn ó tuistí atá sásta cloí leis an gcóras seo.

## - GDPR & Caomhnú Páistí (Leah)

10. Snámh : Beidh na múinteoirí i gceannas ar an feitheoireacht nuair atá na páistí ag dul ag snámh. Agus na ranganna ag fágáil/ ag teacht ar ais chuid na scoile tá sé mar dualgais ar na múinteoirí cinnte a dhéanamh go bhfuil an príomh doras dúnta i gceart sular fhágann siad suímh na scoile/ agus iad ar ais sa foirgneamh tar éis an snámh. In san linn snámha beidh dhá sheomra feistis a úsáid, ceann cailíní agus ceann eile do na buachaillí. Ní cheadófar aon thuismitheoir isteach sna seomraí seo. Is féidir le tuismitheoirí a pháiste féin a ghléasadh sna seomraí feistis aonaracha atá le fáil ag an linn snámha. Ní cheadófar do mhúinteoir/CRS a bheith sna seomraí gléasta seo le dalta aonarach. Tá sé molta go theann aon tuismitheoir atá ag cabhrú sa linn snámh tríd an gcóras grinnfhiosrúchán. I gcás tuismitheoirí ag tabhairt síob do pháiste/pháistí chuig nó ar ais ón linn snámha tá gá le nóta i scríbhinn a bheith curtha ar fáil don oide ranga agus oifig na scoile. Chomh fada is gur féidir rachaidh fear agus bean ón foireann scoile chuig an linn snámha le ranganna.

11. Éadaí a athrú do Chluichí & an Ghaeltacht: Athraítear éadaí sna seomraí gléasta cuí. Ní cheadófar ceadmhach do mhúinteoir/CRS a bheith sna seomraí gléasta seo le dalta aonarach. I gcás go bhfuil gá ar oide/ CRS dul isteach i seomra gléasta caithfear duine fásta eile dul in éineacht deo.

12. Ag fágáil suíomh na scoile: Beidh múinteoir(í) ranga agus CRS i gceannas ar an feitheoireacht nuair atá turas scoile/ na páistí imithe ó suíomh i rith an lae scoile (thar oíche sa Ghaeltacht). Leanfar an gCód Iompar, rialacha na scoile agus déanfaidh an múinteoir cinnte go bhfuil na páistí slán agus sábháilte i gcónaí. Ní mhór tuairisc a scríobh ar aon eachtra agus an t-eolas a roinnt leis na tuismitheoirí/ príomhoide srl ag leanúint córas na scoile.

## - GDPR & Caomhnú Páistí (Leah)

13. Tá dualgas ar an múinteoir ranga cinntiú go bhfuil na páistí faoina c(h)úram chomh sábháilte agus is féidir. Má tharlaíonn eachtra ar bith go mbaineann nádúr gnéasach leis, cuirfear an DCA/ Leas-DCA ar an eol agus déantar cuntas ar an eachtra agus freagracht a ghlacadh ar an mbealach cuí atá leagtha amach in sna treoirlínte don DCA/Leas-DCA

14. Iompar ginearálta- moltar do gach pháiste súgradh i gcónaí i mbealach comhoibritheach, dearfach agus slán. Tá polasaí in aghaidh bulaíocht, cód iompair agus rialacha na Gaelscoile chun tacú le seo agus chun deá iompar a spreagadh. Rachaidh paistí chuig an leithreas, ar theachtaireachtaí srl. i mbeirteanna i gcónaí. Tá sé seo i bhfeidhm ó naíonáin bheaga go rang a 6.

15. Tá ceamaraí teilifís ciorcad iata ar fud na scoile. Tá ar an oifig cinnte a dhéanamh go bhfuil fógraí crochta timpeall na h-áite ag míniú do chuairteoirí go bhfuil ceamaraí teilifís ciorcad iata ag an scoil. I gcás eachtra tá an dualgas ar an phríomhoide comhoibriú leis na seirbhísí cuí má tá siad ag lorg cead féachaint/ cóip a fháil ar aon taifead.

16. Tá fuinneoga curtha isteach sna doirse ranga ar fud na scoile. Tá ar gach oide cinnte a dhéanamh nach bhfuil siad clúdaithe riamh. Tá clár fógra crochta taobh amuigh de gach seomra ranga. Tá sé molta go mbeidh sé scríofa anseo cá bhfuil fáil ar an rang múna bhfuil siad sa seomra.

## - GDPR & Caomhnú Páistí (Leah)

17. Feitheoireacht páistí –Cloífidh an fhoireann uile le polasaí feitheoireachta na scoile chun cinntiú go ndéantar feitheoireacht chuimsitheacht ar na daltaí i gcónaí. Déanann an leas –príomhoide amchlár amach don chlóis ag tús gach téarma agus tá sé mar dhualgais ar gach oide an oifig a chur ar an eol, i scríbhinn faoin aon mhalartú maoirseacht atá déanta. Beidh 3 CRS agus 3 oide ar a laghad ar an gclós an t-am ar fad. Ar laethanta fliche scaipfear rang a 6 (clár ama leagtha amach ag oide rang a 6) idir na ranganna (naíonáin bheaga go rang a 3), fanfaidh an CRS lena rang féin agus déanann na múinteoirí atá ar an am chlár maoirseacht ar na ranganna ar fud na bpasáistí. Tá sé molta go dtéann an dhá rang a 4 le chéile in aon seomra amháin chun tacú le maoirseacht ar lá fliuch.

18. I gcás teachtaireachtaí (timpistí srl) ón gclós tá sé molta go dtéann gach páiste isteach sa scoil, i mbeirteanna, ag úsáid an doras in aice le leithris na mbuachaillí (clós na naíonáin bheaga) Ní thugtar cead d'aon pháiste dul ar ais isteach sa scoil i rith am clóis ach amháin má tá siad faoi chúram baill foirne (agus i mbeirteanna/ mar rang).

19. Tá an dualgais ar an oide ranga aon eolas a bhaineann l'eachtraí/ timpistí/ páiste imithe abhaile luath a fháil ó na múinteoirí atá ag déanamh feitheoireacht/ maoirseacht. Tá an dualgais orthu sin atá ag déanamh maoirseacht/ feitheoireacht an oifig a chur ar an eolas faoi aon timpistí ionas gur féidir an t-eolas a roinnt ar na tuismitheoirí/ caomhnóirí ag úsáid an gcóras scoile.

## - GDPR & Caomhnú Páistí (Leah)

20. Tá dualgas ar an múinteoir ranga cinnte a dhéanamh go bhfuil an liosta 'páistí roinnte' i gceart d'á rang agus go bhfuil an leagan thuas go dáta ar fáil ag an oifig i gcónaí. Tá sé molta nach bhfuil síbíní curtha le chéile in aon rang amháin. Tá dualgas ar an oifig gach cóip a chóiméad suas chun dáta aon uair atá leagan nua curtha i bhfeidhm. Is é/í an oide atá ag déanamh maoirseacht sa halla ar maidin (08:40r.n.-08:50-r.n.) atá freagrach as ucht ranganna a roinnt i gcás go bhfuil oide as láthair don lá.

21. Tá dualgas ar an múinteoir ranga liosta do nósanna ranga a shocrú agus a chur ar fáil sa seomra ranga/oifig d'ionadaí a bheas ag tabhairt aire don rang agus é/í as láthair nó d'aon mhac léinn a bheas ag obair leis an rang ar cleachtadh múinteoireachta.

22. Tinreamh-Cuirfear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi rialacha tinrimh-an tAcht Oideachas (Leas) 2000. Déanfar é seo in éineacht leis an Múinteoir Caidreamh Baile (Múinteoir Alison) agus an monatóir tinrimh (Agnes Chapman.) glaofar an rolla ag 09:50r.n. gach lá agus déantar nóta ar chuntas an pháiste do líon na h-ama atá siad déanach (ó 09:00r.n. ar aghaidh). Maidir le cosaint páistí coimeádfar siúl ar leith ar nósanna maidir le neamhláithreacht. Déantar monatóireacht freisin ar neamhláthaireacht a tharlaíonn ag an am céanna le comharthaí – faillí nó mí-úsáid freisin.

23. Déanfar grinnfhiosrúchán ar gach ball foirne (Comhairle na Múinteoirí) agus grinnfhiosrúchán ar aon oibrí deonach (Ciorclán 0031/2016) ag úsáid foirmeacha patrún na scoile (An Foras Pátrúnachta)

•

## - GDPR & Caomhnú Páistí (Leah)

24. Úsáid an t-idirlíon: Níl cead pictiúr na bpáistí a chur ar an idirlíon gan cead óna dtuismitheoirí. Ag úsáid an bogearra 'Aladdin' beidh dath faoi leith ar gcód an phaiste ag míniú nach bhfuil cead pictiúr an pháiste a chur ar an idirlíon. Tá dualgas ar an oide ranga cinnte a dhéanamh go bhfuil siad ag cloí le treoir na tuismitheoirí. Úsáideann an scoil clár cosanta ar gach ríomhaire chun na páistí a chosaint ón idirlíon.

25. Tá ceamaraí agus IPads curtha ar fáil ag an scoil do na ranganna. is iad na ceamaraí scoile agus IPads scoile amháin atá ceadaithe chun pictiúirí a ghlacadh/ taifead a thógáil ar imeachtaí scoile ina bhfuil páistí. Tá sé molta don fhoireann scoile nach bhfuil ceamaraí pearsanta, fón pócaí nó chuntais ríomhphoist pearsanta in úsáid chun pictiúir, taifead nó eolas a bhaineann le páistí a thógáil nó roinnt.

26. Má tá fón póca ag páiste tá orthu é a casadh as ar maidin agus é a thabhairt don oide go dtí deireadh an lae. I gcás go bhfuil an phaiste tar éis pictiúr/ taifead a dhéanamh gan cead tógfar an fón póca don phríomhoide agus beidh ar tuismitheoirí teacht agus aon ábhar a bhaint ón bhfón faoi chúram an príomhoide sula dtugtar é ar ais.

27. De bharr go bhfuil leithrisí an fhoireann agus leithreas na cuairteoirí in aon áit amháin tá sé molta nach dtéann aon bhaill foirne chuig an leithreas i gcás nach bhfuil páistí faoi chúram a thuismitheoir/ caomhnóir. Tá fógraí crochta ag míniú go bhfuil gá ar tuismitheoirí feitheoireacht a dhéanamh ar a pháiste má tá siad ag úsáid leithreas na cuairteoirí.

28. Déanfaidh an fhoireann scoile gach iarracht na cleachtais seo a leanadh i gcónaí. I gcás práinneach nuair nach féidir iad a leanadh tabharfar tuairisc iomlán den eachtra don Phríomhoide, Leah Ní Mhaoláin agus na tuismitheoirí.

# Cód lompar (Richard)

## Cód lompar (Richard)

# M.I.C.

# Meas



Léirigh meas

- ort féin
- ar do chomhscoláirí
- ar na múinteoirí
- ar chuairteoirí

Is cóir a bheith múinte le daoine fásta eile sa scoil.


# Iarracht

Déan do dhícheall leis an obair ranga agus an obair baile.

- Bain triail as
- Cuir ceist ar do chara nó an múinteoir
- Abair leis an múinteoir má tá sé ró-dheacair.



# Cothrom



Cothrom na féinne do gach duine

- Tabhair seans do gach duine

| **<u>Céim ar an Cód Iompar</u>** |
| --- |
| 1 – Foláireamh ó bhéal |
| 2 – Cárta Bán 1 |
| 3 – Cárta Bán 2 |
| 4 – Cárta Buí |
| 5 – Fionraí ar scoil |
| 6 – Fionraí sa bhaile |
| 7 - Díbirt |

Aon pháiste a fhaigheann ar céim,  beidh orthu dul sa Seomra Machnaimh an lá sin nó an lá tar éis.

Céim 2– baintear pribhléidí ón pháiste. Cinneadh an mhúinteora, i gcomhairle leis an oifig (Príomhoide/Leas Príomhoide) agus ag bráth ar stair iompar an pháiste don scoil bhliain sin.

Ar Céim 4 (Cárta Buí 1) nó níos mó – Níl céad ag an pháiste freastail ar na rudaí seo a leanas.

- ~~Turais Scoile~~
- ~~Spóirt tar éis am scoile~~
- ~~Díolacháin Cácaí~~
- ~~Postanna sa rang/timpeall na scoile~~
- ~~Ceardlann scoile~~
- ~~Comhairle na ndaltaí~~

~~Srl~~

| Riail na Scoile | Cad a tharlaíonn má bhristear an riail? | | |
|---|---|---|---|
| | An Chéad Uair | An Dara Uair | An Tríú Uair |
| **Labhraímid an Ghaeilge go bródúil.**<br><br>*** Taifead déanta do seo ar Aladdin** | <u>Seomra Ranga/Ar Fud na Scoile</u><br>Cárta Béarla<br>(Síniú Tuismitheora de dhíth)<br>+<br>Seomra Machnaimh<br>(lá sin nó lá dar gceann)<br><br><u>Ar an gClós</u><br>Cárta Béarla & Cuirfear an páiste ag an mballa. Beidh an méid ama bunaithe ar aois an pháiste (aois an pháiste + 2 nóiméad)<br>Ní rachfar thar 5 nóiméad ag am lón beag agus 10 nóiméad ag lón mór.<br><br>Seomra Machnaimh<br>(lá sin nó lá dar gceann) | <u>Seomra Ranga/Ar Fud na Scoile</u><br>Cárta Béarla<br>(Síniú Tuismitheora de dhíth)<br>+<br>2 Lá sa tseomra Machnaimh<br>(lá sin nó lá dar gceann)<br><br><u>Ar an gClós</u><br>Cárta Béarla & Cuirfear an páiste ag an mballa. Beidh an méid ama bunaithe ar aois an pháiste (aois an pháiste + 2 nóiméad)<br><br>Ní rachfar thar 5 nóiméad ag am lón beag agus 10 nóiméad ag lón mór.<br><br>2 Lá sa tseomra Machnaimh<br>(lá sin nó lá dar gceann) | Céim ar an gcód iompar |

| Riail na Scoile | Cad a tharlaíonn má bhristear an riail? | | |
|---|---|---|---|
| | An Chéad Uair | An Dara Uair | An Tríú Uair |
| **Léirímid meas ar phobal uile na scoile, a dtuairimí, a gcultúr, a gcuid foghlaim agus a gcuid maoine.** | Seomra Machnaimh | 2 Lá sa tseomra Machnaimh | Céim ar an cód iompar |

| Riail na Scoile | Cad a tharlaíonn má bhristear an riail? | | |
|---|---|---|---|
| | An Chéad Uair | An Dara Uair | An Tríú Uair |
| **Déanaimid ár ndícheall i gcónaí lenár gcuid obair scoile agus obair bhaile.** | Téacs curtha abhaile ag rá nach raibh an obair baile déanta. Beidh taifead déanta i ndialann obair baile an pháiste chomh maith. | HSCL curtha ar an eol agus an Oifig (Príomhoide)<br><br>Taifead déanta sa dialann obair baile arís. | Má tá trí téacs OB curtha na bhaile rachaidh an páiste go dtí an seomra machnaimh gach uair ina dhiaidh sin. Seans eile ag tús gach téarma. |

| Sonraí | Cad a tharlaíonn má bhristear an riail? | | |
|---|---|---|---|
| | An Chéad Uair | An Dara Uair | An Triú Uair |
| **Fáinní cluaise beaga (studs) amháin a cheadaítear ar chúis slándala. Níl cead ag na daltaí smideadh a chaitheamh.** | Cuireann an múinteoir scéala chuig an oifig thar ríomhphost.<br><br>Glaoch nó téacs curtha abhaile ón oifig ag míniú nach bhfuil cead. | Seomra Machnaimh | Céim ar an gcód iompar |
| **Aire a thabhairt do fheisteas spóirt ón scoil.** | Cuireann an múinteoir scéala chuig an oifig.<br><br>Glaoch nó téacs curtha ón oifig abhaile. | Seomra Machnaimh | Céim ar an gcód iompar |
| **Tá cosc iomlán ar guma coganta.** | Foláireamh ó bhéal. | Seomra Machnaimh | Glaoch/Téacs abhaile. |
| **Níl cead uirlisí ná substaintí dainséaracha a thabhairt ar scoil. Níl cead mí-úsáid a bhaint as fearais scoile le aon duine eile a ghortú.** | Gach cás pléite ar bhun aonarach leis an oifig. | | |
| **Níl an scoil freagrach as seodra nó fearais luachmhara a thagann ar scoil le na páistí.** | | | |

## Ionsaí a dhéanamh ar pháiste eile

- Seolta abhaile díreach

- Céim nó dhá céim ar an gcód Iompar.

- Ní ghlactar le bulaíocht ar scoil nó ar líne.

# M.I.C.

Meas – Iarracht- Cothrom

# Polasaí Frith Bhulaíocht

# (Deidre)



# BULAÍOCHT

1. CÉARD É BULAÍOCHT?
2. ÉIFEACHTAÍ
3. COMHARTHAÍ
4. TRÉITHE
5. CÁ DTARLAÍONN SÉ?
6. POLASAÍ
7. POINTÍ DÚINNE
8. IMSCRÚDÚ A DHÉANAMH
9. AG LEANÚINT
10. TAIFEAD A DHÉANAMH

# CÉARD É BULAÍOCHT?

- IONSAÍ:

Ó BHÉAL

SICEOLAÍOCH

FISICIÚIL

* ATÁ LEANÚNACH Á DHÉANAMH AG GRÚPA NÓ DUINE AR PHÁIRTÍ EILE.

- MÁ THARLAÍONN SÉ UAIR AMHÁIN, NÍ BULAÍOCHT ATÁ I GCEIST LEIS. CAITHFIDH AN IOMPAR A BHEITH LEANÚNACH, GO DTARLAÍONN SÉ GO MINIC.

## Cad iad na héifeachtaí?

- Éiríonn an pháiste imníoch
- Athraíonn an iompar
- easpa muiníne
- -Fiú muna labhraíonn an íobartach, léirítear an fhadbh trí iompar agus giúmar.
- ** i gcásanna áirithe, tá sé tárlaithe go gcuirtear lámh ina bás féin.
- Mar sin tá sé rí-thabhachtach súil a choinneáil ar athruithe san iompar nó giúmar agus gá le luath-idirghabhála.
- *****I mbliana tá sé níos tábhachtaí go bhfuileamar ag coinneáil súil géar ar na páistí, ag cinntiú nach bhfuil aon bhulaíocht ar siúl sna grúpaí beaga. Mholfainn an suirbhé a dhéanamh tar éis coicíse ag cinntiú nach bhfuil aon fhadhb.**

# Suirbhé Rialta Ranga

Tá a fhios agam gur bulaíocht a bhíonn ann nuair a bhíonn duine gránna le duine eile arís is arís eile, agus tá a fhios agam go bhfuil sé sin éagórach. Tá a fhios agam freisin gur chóir dom múinteoir a chur ar an eolas má fheicim duine ag déanamh bulaíochta ar dhaoine eile, nó má bhíonn a fhios agam go bhfuil a leithéid ar siúl. **Tá a fhios agam nach gcuirfear pionós ar aon duine a dhéanann bulaíocht ar dhaoine eile ach a shíníonn gealltanas go stopfaidh sí agus a chomhlíonann an gealltanas sin. Tá a fhios agam nach mbeidh an duine sin i dtrioblóid agus, mar sin, go mbeidh gach duine in ann a saol a chaitheamh go sona sásta.**

D'ainm (Bloclitreacha): ______________________ Rang/Bliain ________

Ainmnigh aon dalta(í) i do rang a mbíonn dalta(í) eile ag tabhairt ainmneacha orthu, ag spochadh astu, á ngortú nó ag caitheamh go dona leo:

______________________________

______________________________

Céard atá i gceist? . . .

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ag tabhairt ainmneacha orthu | ☐ | Ag magadh fúthu | ☐ |
| Ag tabhairt fogha faoina gcuid rudaí | ☐ | Gan cead a thabhairt dóibh a bheith páirteach | ☐ |
| Á mbrú | ☐ | Á mbualadh nó á gciceáil | ☐ |

Aon bhealach eile a mbíonn duine éigin gránna leo: ______________________________

______________________________

Ainmnigh aon dalta eile atá ar an eolas faoi seo, cé nach gá go bhfuil siad páirteach ann:

______________________________

Ar chaith tú féin leo riamh ar an tslí seo?
- Go minic ☐
- Ó am go chéile ☐
- Níor chaith riamh ☐

Ainmnigh aon dalta(í) i do rang a chaitheann leo go rialta ar an tslí seo:

______________________________

______________________________

An gceapann tú go mbíonn roinnt daltaí níos gránna leatsa ná mar a bhíonn siad le daltaí eile sa rang? Ceapaim ☐ Ní cheapaim ☐

Ainmnigh daltaí eile atá ar an eolas faoi seo: ______________________________

Tá an méid atá scríofa agam thuas fíor.

**Ainm:** ______________________ **Dáta:** ___/___/___

## Suirbhé Frithbhulaíochta Ghaelscoil Uí Earcáin

| | |
|---|---|
| 1. | Ainm: ______________________ |
| 2. | Rang: ______________________ |
| 3. | Dáta: ______________________ |
| 4. | Ar bhuail aon pháiste thú?  Ainm: __________ Ainm: __________ Ainm: __________ Ainm: __________ |
| 5. | Dúirt siad rud éigin nach raibh go deas.  Ainm: __________ Ainm: __________ Ainm: __________ Ainm: __________ |
| 6. | Dúirt siad liom, "Níl Cead agat súgradh!   Ainm: __________ Ainm: __________ |
| 7. | An bhfaca tú aon pháiste nach raibh go deas le páiste eile?  Ainm: __________ Ainm: __________ |

# Mo Chairde i nGaelscoil Uí Earcáin

1.

Ainm: ________________________________

**Mo Chairde sa Rang:**

Scríobh ainm amháin i ngach ciorcal:

# NA COMHARTHAÍ

- IMNÍ  AG TEACHT AR SCOIL/ DUL ABHAILE
- AG DIÚLTÚ TEACHT AR SCOIL
- EASPA MUINÍNE NÓ SUIME IN OIDEACHAS, AG TITIM SIAR SAN OBAIR RANGA SRL.
- PATRÚIN DE THINNEAS : PIANTA SA CHLOIGEANN/BOLG SRL
- ATHRUITHE SAN IOMPAR / GIÚMAR
- COMHARTHAÍ DE IMNÍ: SNAG AG CAINT, DROCHBHRIONGLÓID, FADHB AG CODLADH, AG CAOINEADH

# TRÉITHE

- D'FHÉADFADH AON DUINE A BHEITH MAR ÍOBARTACH NÓ BULAÍ.

**AN ÍOBARTACH**

- TUIGTEAR GO MBÍONN PÁISTÍ AG MAGADH AGUS A SPOCHADH AS A CHÉILE MAR SPRAOI. ACH AG POINTÍ ÁIRITHE TÁ AN-SEANS GO BHFUIL BULAÍOCHT I GCEIST.
- IS IAD NA PÁISTÍ A FHREAGRAÍONN AN MAGADH/SPOCADH SEO I MBEALACH ÁIRITHE ATÁ I NDÁINSÉAR DEN BHULAÍOCHT IS MÓ. LÉIRÍONN SIAD GO BHFUIL SIAD BUARTHA FAOI.

- **AN BULAÍ**
- DE GHNÁTH IS IAD PÁISTÍ LE MEON IONSAITHEACH FITE FUAITE LE HEASPA FÉIN-BHAINISTIÚ A DHÉANANN BULAÍOCHT.
- GO MINIC TÁ AIRD UATHU, AG IARRAIDH CAIRDE A DHÉANAMH AGUS AG BAINT TAITNEAMH AS CÉARD ATÁ Á DHÉANAMH ACU.
- TÁ SÉ DEACAIR DÓIBH IONBHÁ A LÉIRIÚ. NÍL CLÚ ACU FAOI MHOTHÚCHÁIN NA HÍOBARTAIGH.
- UAIREANTA FEICTEAR GO BHFUIL EASPA MUINÍNE ACU.
- *** NÍ RUD ANNAMH É GO BHFUIL BULAÍOCHT Á DHÉANAMH AR AN MBULAÍ CHOMH MAITH.

# CÁ DTARLAÍONN AN BULAÍOCHT?

- **PÁISTÍ**
- **AN CLÓS: :**AS RADHARC, I GCLUICHÍ CLÓIS SRL.
- PÁISTÍ NÍOS SINE AG PIOCADH AR PHÁISTÍ NÍOS ÓIGE.
- 'GANG' BULAÍOCHT CHOMH MAITH.

- **ÁITEANNA EILE:** LEITHRIS, PASÁISTE, HALLA NA SCOILE.

- CAITHFEAR A BHEITH CINNTE GO BHFUIL MONATÓIREACHT ÉIGEAN AR SIÚL SNA HÁITEANNA UILE (BEIRTEANNA, MÚINTEOIRÍ FEASACH FAOI AON THORANN AMUIGH SA HALLA SRL).

- **SA SEOMRA RANGA:** COMHARTHAÍ CHOIRP, AG GÁIRE GO HÍSEAL SRL.

- **TAOBH AMUIGH DEN SCOIL:** FÉAR OS CHOMHAIR NA SCOILE, GEATA NA SCOILE SRL. GO MINIC TARLAÍONN BULAÍOCHT AR AN MBEALACH AR SCOIL NÓ ABHAILE ÓN SCOIL.

****AN-TÁBHACHTACH I MBLIANA GO BHFUILEAMAR AG COINNEÁIL SÚIL GÉAR AR NA GRÚPAÍ !**

# POLASAÍ FRITH-BHULAÍOCHTA

- TÁ POLASAÍ DE DHÍTH I NGACH SCOIL IONAS GO BHFUILEAMAR AR FAD AG LEANÚINT AN CÓRAS CÉANNA.

- **TRÉITHE DE PHOLASAÍ**
- **AIDHMEANNA:**
- I) ÉATOS SCOILE A CHRUTHÚ A SPREAGANN NA PÁISTÍ A BHEITH COMPORDACH BULAÍOCHT A AITHINT AGUS A PHLÉ LE DUINE ÉIGIN.
- II) FEASACH BULAÍOCHTA A MHÚSCAILT MAR **IOMPAR NACH NGLACTAR LEIS SA SCOIL.**
- III) AG CINNTIÚ GO BHFUIL **MONATÓIREACHT AGUS MAOIRSEACHT** AR SIÚL TRÍD NA SCOILE AR FAD.
- IV) AG **FORBAIRT SCILEANNA TUAIRISCIÚ** D'EACHTRAÍ BULAÍOCHTA.
- V) AG FORBAIRT **CÓRAS D'IMSCRÚDÚ AGUS DEILEÁIL** L'IOMPAR BULAÍOCHTA.
- VI) AG FORBAIRT **CÓRAS TACAÍOCHTA D'ÍOBARTAIGH** DEN BHULAÍOCHT.
- VII) AG OBAIR IN ÉINEACHT LE GNÍOMHAIREACHTAÍ BAINTEACH LE FRITH-BHULAÍOCHT.
- VIII) **MEASÚNÚ** A DHÉANAMH AR ÉIFEACHT AN POLASAÍ SCOILE AR FRITH-BHULAÍOCHT I RITH NA SCOILE.
- BÍONN POLASAÍ NÍOS ÉIFEACHTAÍ AGUS É COMHÁITHE I DTIMPEALLACHT NA SCOILE. GO SPREAGANN SÉ MEAS, MUININ, TUISCINT AGUS TACAÍOCHT DO DHAOINE EILE.
- CAITHFIDH GACH DUINE SA SCOIL DEA-SHAMPLA A LÉIRIGH AGUS AN CÓRAS A LEANÚINT.

# POINTÍ SA PHOLASAÍ DÚINNE

- **NA MÚINTEOIRÍ RANGA** A DHÉANFAIDH BULAÍOCHT A IMSCRÚDÚ AGUS A DHÉILEÁLFAIDH LÉI.
- SEO A LEANAS NA **STRAITÉISÍ OIDEACHAIS AGUS COISCTHE** (LENA N-ÁIRÍTEAR STRAITÉISÍ A BHEIDH DÍRITHE GO SONRACH AR AN GCIBEARBHULAÍOCHT AGUS AR BHULAÍOCHT BUNAITHE AR AITHEANTAS, GO HÁIRITHE BULAÍOCHT HOMAFÓBACH AGUS TRASFÓBACH) A BHEIDH IN ÚSÁID SA SCOIL

- CUIRFEAR AN **POLASAÍ AR SHUÍOMH NA SCOILE**, IONAS GO MBEIDH SÉ AR FAIL DO THUISMITHEOIRÍ/ MHÚINTEOIRÍ/ PHÁISTÍ SRL.
- CEAPFAIDH GACH RANG **RIALACHA RANGA AG TÚS GACH BLIANA** A CHUIRFIDH CHUN CINN CUIMSIÚ, GLACADH LE DIFRÍOCHT AGUS MEAS DÁ CHÉILE. SÍNEOIDH NA PÁISTÍ GUR GHLAC SIAD LEIS AN GCÓD RANGA.
- *** EAGRÓFAR **CEARDLANNA CIBEARBHULAÍOCHTA** DO PHÁISTÍ SNA MEÁNRANGANNA AGUS SNA HARDRANGANNA.
- EAGRÓFAR **SEACHTAIN NA GCAIRDIS** GACH BLIAIN DO GACH RANG AG ÚSÁID ACMHAINNÍ ÓN SUÍOMH GRÉASÁIN FEACHTAS FRITHBHULAÍOCHTA AGUS Ó FHOINSÍ EILE. TÁ SÚIL AGAINN THAR THRÉIMHSE AMA GO MBEIDH IOMPARBULAÍOCHTA AITHEANTA, DIÚLTAITHE AGUS TUAIRISCITHE.
- MÚINFEAR AN C**URACLAM OSPS** SNA RANGANNA GO LÉIR AGUS TÉANN SÉ I NGLEIC LE BULAÍOCHT CHOMH MAITH LE RÉIMSÍ IDIRGHAOLMHARA DE MHUINTEARAS AGUS SUIMEÁIL, CUMARSÁID, COIMHLINT, CAIRDEAS, SÁBHÁILTEACHT PEARSANTA AGUS CAIDRIMH.
- PLÉIFEAR **POLASAÍ FRITHBHULAÍOCHTA NA SCOILE AGUS AN CÓD IOMPAIR** GO RIALTA AG **CRUINNITHE FOIRNE AGUS AG TÚS GACH BLIAIN.**

# IMSCRÚDÚ A DHÉANAMH

- IS É AN PHRÍOMHAIDHM A BHEIDH AG AN MÚINTEOIR RANGA AGUS BULAÍOCHT Á IMSCRÚDÚ AICI/AIGE AGHAIDH A THABHAIRT AR AON CHEIST IS GÁ A RÉITEACH **AGUS AN GAOL IDIR NA PÁIRTITHE I DTRÁCHT A CHUR AR AIS MAR A BHÍ SÉ** AN OIREAD IS INDÉANTA SIN (SEACHAS MILLEÁN A CHUR)
- AGUS IMSCRÚDÚ AR BHULAÍOCHT Á DHÉANAMH, NÓ NUAIR A BHÍTEAR AG DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT, FEIDHMEOIDH AN MÚINTEOIR A **BREITHIÚNAS GAIRMIÚIL** CHUN A CHINNEADH CIBÉ AN NDEARNADH BULAÍOCHT AGUS CONAS AB FHEARR DÉILEÁIL LEIS AN BHFADHB.
- IS FEARR DE GHNÁTH EACHTRA A IMSCRÚDÚ LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA CHUN PRÍOBHÁIDEACH GACH DUINE ATÁ BAINTEACH LEIS A CHOSAINT.
- MÁ BHÍONN GRÚPA I GCEIST, BA CHEART AGALLAMH A CHUR AR GACH DUINE DEN GHRÚPA INA NDUINE AGUS INA NDUINE. BA CHEART LABHAIRT LEIS AN NGRÚPA AR FAD INA DHIAIDH SIN. BÍ CINNTE GO GCLOISEANN AN GRÚPA AR FAD CUNTAIS A CHÉILE. IS FÉIDIR CUIDIÚ A FHÁIL Ó MÚINTEOIR EILE, MAS GÁ.
- I GCÁS INA GCINNEANN AN MÚINTEOIR GO RAIBH DALTA AG GABHÁIL D'IOMPAR BULAÍOCHTA, BA CHEART É A CHUR AR A SÚILE NÓ AR A SHÚILE DI NÓ DÓ GO SOILÉIR GUR SHÁRAIGH SÍ NÓ SÉ BEARTAS FRITHBHULAÍOCHTA NA SCOILE AGUS BA CHEART IARRACHTAÍ A DHÉANAMH CHUN GO BHFÉACHFADH SÍ NÓ SÉ AN SCÉAL Ó THAOBH AN DALTA A BHFUIL AN BHULAÍOCHT Á DÉANAMH AIR NÓ UIRTHI NÓ AIR.
- I GCÁSANNA INA GCINNEANN AN MÚINTEOIR GO NDEARNADH BULAÍOCHT, BA CHEART TEAGMHÁIL A DHÉANAMH, A LUAITHE IS FÉIDIR, LE TUISMITHEOIRÍ NA BPÁIRTITHE I DTRÁCHT CHUN IAD A CHUR AR AN EOLAS FAOIN SCÉAL AGUS NA BEARTA A DHÉANFAR A MHÍNIÚ DÓIBH (LE TAGAIRT DO BHEARTAS NA SCOILE). BA CHEART GO DTABHARFADH AN SCOIL DEIS PHLÉ DO NA TUISMITHEOIRÍ AR SHLITE INA BHFÉADFAÍ BEARTA NA SCOILE AGUS AN TACAÍOCHT DO NA DALTAÍ A ATHNEARTÚ NÓ A MHÉADÚ.
- CÉ GO DTUGANN AN SCOIL TACAÍOCHT DO DHALTAÍ AGUS TUISMITHEOIRÍ CHUN DÉILEÁIL LE CÁSANNA A THARLAÍONN TAOBH AMUIGH DEN SCOIL, TÁ TEORAINN AR AN MÉID CUMHACHT ATÁ AG AN SCOIL AGUS IAD AG DÉILEÁIL LE HEACHTRAÍ A THARLAÍONN LASMUIGH DE AM NA SCOILE.

# AG LEANÚINT

- CIBÉ AR RÉITÍODH, A MHÉAD AB FHÉIDIR, AON CHEIST A BHÍ LE RÉITEACH IDIR NA PÁIRTITHE;
- CIBÉ AN BHFUIL AN CAIDREAMH IDIR NA PÁIRTITHE CURTHA AR AIS MAR A BHÍ SÉ, A MHÉAD IS INDÉANTA;
- AON AISEOLAS A FUARTHAS Ó NA PÁIRTITHE I DTRÁCHT, ÓNA DTUISMITHEOIRÍ NÓ Ó PHRÍOMHOIDE NÓ LEAS-PHRÍOMHOIDE NA SCOILE.
- BA CHEART CRUINNITHE BREISE LEIS NA PÁIRTITHE I DTRÁCHT A SHOCRÚ CHUN IARRACHT A DHÉANAMH IAD A THABHAIRT LE CHÉILE NÍOS FAIDE ANONN MÁ BHÍONN AN DALTA A NDEARNADH AN BHULAÍOCHT UIRTHI NÓ AIR SÁSTA LEIS SIN
- **I GCÁS NACH BHFUIL TUISMITHEOIR SÁSTA** GUR DHÉILEÁIL AN SCOIL LE CÁS BULAÍOCHTA I GCOMHRÉIR LEIS NA GNÁSANNA SEO, NÍ MÓR GNÁSANNA NA SCOILE MAIDIR LE GEARÁN A DHÉANAMH A CHUR IN IÚL DON TUISMITHEOIR
- I GCÁS INA MBAINEANN AN TUISMITHEOIR ÚSÁID AS GNÁSANNA NA SCOILE MAIDIR LE GEARÁN A DHÉANAMH AGUS NACH BHFUIL SÍ/SÉ SÁSTA FÓS, NÍ MÓR DON SCOIL A INSINT DON TUISMITHEOIR GO BHFUIL SÉ DE CHEART AICI/AIGE GEARÁN A DHÉANAMH LE **HOMBUDSMAN NA LEANAÍ**

# TAIFEAD A DHÉANAMH

- TÁ SÉ FÍOR-THABHACHTACH GO **GCLAOITEAR LEIS NA FÍRICÍ** NUAIR A DHEANTAR TAIFEAD AR EACHTRA BHULAÍOCHT.

- CAITHFEAR GACH EACHTRA A INSINT DON MHÚINTEOIR. BÍODH IS GO GCAITHFEAR GACH TUAIRISC, LENA N-ÁIRÍTEAR TUAIRISCÍ GAN AINM I DTAOBH BULAÍOCHTA, A IMSCRÚDÚ AGUS GO GCAITHFIDH AN MÚINTEOIR DÉILEÁIL LEO, BAINFIDH AN MÚINTEOIR LEAS AS A BREITHIÚNAS GAIRMIÚIL I DTACA LEIS NA TAIFID DE NA TUAIRISCÍ SIN A BHEIDH LE COINNEÁIL, NA BEARTA A DHÉANFAR AGUS AON PHLÉ LEO SIÚD ATÁ BAINTEACH LEIS AN MBULAÍOCHT MAIDIR LEIS AN GCÉANNA;

- MÁ FHAIGHEANN AN MÚINTEOIR GO NDEARNADH BULAÍOCHT, NÍ MÓR DON MHÚINTEOIR **TAIFID SCRÍOFA A CHOIMEÁD** CHUN CABHRÚ LÉI/LEIS AN CHEIST A RÉITEACH AGUS AN GAOL IDIR NA PÁIRTITHE A CHUR AR AIS MAR A BHÍ SÉ, A MHÉAD IS INDÉANTA

- NÍ MÓR DON MHÚINTEOIR **AN TEIMPLÉAD TUAIRISCITHE** A ÚSÁID CHUN AN T-IOMPAR BULAÍOCHTA A THAIFEADADH SNA CÁSANNA SEO A LEANAS:
- (A) I GCÁSANNA INA MEASANN SÉ/SÍ NÁR DÍRÍODH GO LEORDHÓTHANACH NÁ GO CUÍ AR AN IOMPAR BULAÍOCHTA LAISTIGH DE 20 LÁ SCOILE TAR ÉIS DÓ/DI A CHINNEADH GUR THARLA IOMPAR BULAÍOCHTA; AGUS
- B) I GCÁS INAR CHINN AN SCOIL, MAR CHUID DÁ BHEARTAS FRITHBHULAÍOCHTA, GO GCAITHFEAR IOMPAR BULAÍOCHTA A THAIFEADADH I GCÁSANNA ÁIRITHE AGUS É A THUAIRISCIÚ LÁITHREACH DON PHRÍOMHOIDE NÓ DON LEASPHRÍOMHOIDE, FAOI MAR A BHEADH.
- I NGACH CEANN DE CHÁSANNA (A) AGUS (B) THUAS, NÍ MÓR AN TEIMPLÉAD TAIFEADTA A CHOMHLÁNÚ INA IOMLÁINE AGUS NÍ MÓR DON MHÚINTEOIR I DTRÁCHT É A CHOIMEÁD AGUS **CÓIP A CHUR AR FÁIL DON PHRÍOMHOIDE** FAOI MAR A BHEADH.
- *BA CHOR GO MBEIDH GACH RUD LE CHÉILE SA FHILLTEÁN MEASÚNÚ AGUS GO LEANFAIDH AN T-EOLAS SIN AR AGHAIDH GO DTÍ AN CHÉAD RANG EILE. (SUIRBHÉANNA AGUS AON TAIFEAD DÉANTA)*
- **(*** TÁ AN TEIMPLÉAD AR FÁIL AR DROPBOX & Ó MÚINTEOIR DEIRDRE ☺ )**

## Teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

**1. Ainm an dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi agus a rang-ghrúpa**

**Ainm** ________________________________ **Rang** __________

**2. Ainm(neacha) agus rang(anna) an dalta/na ndaltaí atá ag gabháil d'iompar bulaíochta**

| Ainm | Rang |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**3.** Foinse an údair imní/na tuairisce um bulaíocht - ticeáil an bosca(i) ceart(a) *

| | |
|---|---|
| An dalta lena mbaineann | |
| Dalta eile | |
| Tuismitheoir | |
| Múinteoir | |
| Eile | |

**4. An áit ar tharla na heachtraí** - ticeáil an bosca(i) ceart(a) *

| | |
|---|---|
| Clós | |
| Seomra Ranga | |
| Dorchla (Corridor) | |
| Leithris | |
| Eile | |

**5. Ainm an duine/na ndaoine a thuairiscigh** an t-údar imní bulaíochta

____________________________________________________

**6. Cineál** an Iompair Bhulaíochta - ticeáil an bosca(i) ceart(a) *

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ionsaitheacht Fhisiciúil | | Cibearbhulaíocht | |
| Dochar do Mhaoin (*Property*) | | Imeaglú (*Intimidation*) | |
| Aonrú/Eisiamh (*Isolation/Exclusion*) | | Cúlchaint mhailíseach (*Malicious Gossip*) | |
| Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine | | Eile (Sonraigh) | |

**7. I gcás iompar a meastar mar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, tabhair an chatagóir lena mbaineann:**

| Homafóbach | Bainteach le Míchumas/Riachtanas Speisialta Oideachais | Ciníoch (*Racist*) | Ballraíocht den Lucht Siúil | Eile (sonraigh) |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**8. Cur Síos gairid ar an iompar bulaíochta agus ar a tionchar**

| |
|---|
| |

**9. Sonraí na ngníomhartha a rinneadh**

| |
|---|
| |

Sínithe ____________________ (An Múinteoir ábhartha) Dáta ________

Dáta a cuireadh ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide

__________________

# NA STRAITÉISÍ IDIRGHABHÁLA

- TÁ GACH CÁS BULAÍOCHTA DIFRIÚIL AGUS MAR SIN, BEIDH STRAITÉIS IDIRGHABHÁLA DIFRIÚIL DE DHÍTH. NUAIR A BHÍONN CINNEADH Á DHÉANAMH MAIDIR LEIS AN MODH A ÚSÁIDFEAR, BA CHÓIR NÁDÚR NA GCÁSANNA A CHUR SAN ÁIREAMH.

- 1. AN MODH SMACHTA TRAIDISIÚNTA (CÓD IOMPAR)
- 2. AN TÍOBARTACH A LÁIDRIÚ
- 3. IDIRGHABHÁLACHAS  (MEDIATION)
- 4. CLEACHTAS AISIRÍOCH (CAIDREAMH A PHLÉ, A CHOINNEÁL, COIMHLINT A AITHINT AGUS A SHEACAINT)
- 5. MODH AN GHRÚPA TACAÍOCHTA (CRUINNIÚ LE ÍOBARTACH + A GCAIRDE, MÚINTEOIR AGUS BULAITHE, MÍNÍONN AN ÍOBARTACH CONAS GO MOTHAÍONN SIAD LE TACAÍOCHT A GCAIRDE TIMPEALL ORTHU)
- 6. MODH AN CHÚRAIM CHOMHROINNTE (GRÚPA DE BHULAITHE: ROINNTE DON AGALLAMH AGUS PLÉ AN IOMPAR AGUS CAOI É A CHUR I GCEART, PÁIRTITHE AR FAD TEACHT LE CHÉILE AGUS AG PLÉ)

# IT (Alison)

Ríomhaire Glúine

SharePoint

One Drive

Má tá fadhb IT (R-Phost)

Class Dojo

Aladdin App

Plean má tá muid dúnta arís



# PowerPoint Covid-19 (Ailbhe & Ruaidhrí)

# COVID 19 AGUS MUID AR FAD SÁBHÁILTE AR SCOIL:

Gaelscoil Uí Earcáin
Fionnghlas 2005

# BEALAÍ ISTEACH AGUS AMACH

**AR MAIDIN:** ***(LE LÍONADH AG AN MÚINTEOIR)***

**AM LÓIN:** ***(LE LÍONADH AG AN MÚINTEOIR)***

**AM DUL ABHAILE:** ***(LE LÍONADH AG AN MÚINTEOIR)***



# CÉARD IAD NA SIOMTÓIM

**Teocht Ard**



**Casacht nua**



**Cailiúnt nó athrú ar blas nó boladh**



**Gearranáil**



# AM LEITHREAS SA RANG

- BÍ CINNTE DUL CHUIG AN LEITHREAS SULA BHFÁGANN TÚ DO THEACH
- TABHAIR DO MHÁLA LEITHRIS PEARSANTA LEAT GACH LÁ AGUS NIGH AN TUÁILLE GACH TRÁTHNÓNA
- BEIDH AN GLANTÓIR AG SLÁINTIÚ NA LEITHREAS GO RIALTA.

AM LEITHREAS A HAON:

AM LEITHREAS A DÓ:

AM LEITHREAS A TRÍ:



# AM LÓIN AGUS AM CHLÓIS AN RANGA

**Tógann tú do lón féin abhaile leat gach lá. (Buidéal Uisce agus Bainne freisin)**

**Am lóin a haon:** *(le líonadh ag an múinteoir)*

**Am loin a dó:** *(le líonadh ag an múinteoir)*



# BEALAÍ AON TREO

- SIÚL AR THAOBH NA LÁMHA CLÉ I GCÓNAÍ NUAIR ATÁ TÚ AG SIÚL NA PASÁISTÍ
- BEIDH TÉIP I LÁR AN PASÁISTE AG TAISPEÁINT AN BEALACH AON TREO. NÁ THRASNAIGH AN TÉIP



# CONAS DO LÁMHA A GHLANADH

Céim 1: Brúigh ar seo: https://spark.adobe.com/video/YtHa6IfJjyVAy

Céim 2: Cleachtadh é mar rang.

Céim 3: Déan é gach uair i rith an lae.

- Ar maidin ag teacht isteach sa scoil.
- Roimh ithe agus Ól
- Tar éis an chlós
- Nuair atá do lámha salach.
- Nuair atá tú tar éis casacht nó sraothartach
- Nuair atá do lámha salach/

# CONAS DO CHASACHT AGUS DO SHRAOTH A CHLÚDÚ…


Clúdaigh do shrón agus do bhéal
le naipcín nuair a dhéanann tú
casacht nó sraothartach
NÓ
Déan casacht nó lig sraoth
isteach i d'uillinn, ní i do lámha.


Caith uait
do naipcín!


Glan do lámha
tar éis duit
casacht nó
sraothartach.
Go raibh
maith agat!

# PODS

- GLAOTAR POD AR AN MBORD AR A BHFUIL TÚ I DO SHUÍ LE PÁISTÍ ÁIRITHE.
- NÍ BHEIDH BUACHAILLÍ AGUS CAILÍNÍ SNA PODS CÉANNA
- RACHAIDH TÚ GO DTÍ AN LEITHREAS LE DO PHOD.
- SEO HIAD NA PODS
- POD A:
- POD B:
- POD C:
- POD D:

# PODS

- FANANN TÚ LE DO POD I GCÓNAÍ
- NÍL CEAD AGAT MEASCADH LE POD AR BITH EILE SA RANG
- NÍ FÉIDIR LÁMH A LEAGADH AR AON PHÁISTE NÓ DUINE FÁSTA EILE SA SCOIL
- COIMEÁD 1 MHÉADAR AMACH Ó GACH PHÁISTE AGUS MÚINTEOIRÍ NACH BHFUIL I DO PHOD.

# SPÁS PEARSANTA

- FAN LAISTIGH DE DO BHOLGÁN PEARSANTA FÉIN
- NÁ LEAG LÁMH AR AON RUD NACH MBAINEANN LEAT
- COIMEÁD D'EARRAÍ PEARSANTA I DO MHÁLA NUAIR NACH BHFUIL SIAD IN ÚSÁID



## Sprioc dátaí & Féilire na Scoile/ Róta (Leah & Richard)



| | |
|---|---|
| Pods Ranga: | Dé Céadaoin 26/08/2020 |
| Foirm Pleanáil líonta | Dé Céadaoin 26/08/2020 |
| Druil Tine (Réidh agus thuas ar an doras) | Dé hAoine 04/09/2020 |
| Amchlár (Réidh agus lasmuigh den rang) | Dé hAoine 04/09/2020 |
| Nósanna Ranga | Dé Céadaoin 02/10/2020 |
| PowerPoint Cruinniú Tús na Bliana: | Dé hAoine 04/09/2020 |
| Fillteáin Measúnú: | Dé hAoine 11/09/2020 |
| Pleanáil Fad Téarmach: | Dé hAoine 25/09/2020 |
| Cuntas Míosúil: | 10ú don mhí (10 DF, 10 Samhain) |

# GO RAIBH MAITH AGAIBH

